Gníomhaíocht 1: Fiosrúchán ag Láthair na Coir

Ar dtús ta tú ag dul ceann de na láithreacha coire is mó a fhiosrú – an suíomh ina bhfuil na boscaí bruscair go léir suite! Chun an tasc fiosrúcháin seo a dhéanamh ba chóir duit:

- Na boscaí bruscair móra go léir a aimsiú i do scoil agus an líon agus an cineál a chomhaireamh
- Faigh amach cad iad na laethanta a bhailítear na boscaí bruscair agus sula ndéantar iad a fholmhú tabhair meastachán ar cé chomh lán is atá gach ceann acu

D'fhéadfá an fhianaise a gheobhaidh tú a thuairisciú i dtábla den chineál seo:

Dáta: 07/12/2019		
Cineál Bosca Bruscair	**Cad dó a n-úsáidtear an bosca bruscair?**	**Cé chomh lán agus atá an bosca bruscair?**
1100 lítear	Bruscar Ginearálta	Go hiomlán lán
1100 lítear	Bruscar Ginearálta	Leathlán
1100 lítear	Bruscar Ginearálta	Leathlán
1100 lítear	Athchúrsáil	Aon cheathrú lán
1100 lítear	Athchúrsáil	Go hiomlán lán
360 lítear	Athchúrsáil	Folamh
120 lítear	Bia	Leathlán

Is féidir leat bealaí cruthaitheacha eile a úsáid freisin le tuairisc a dhéanamh ar an méid boscaí bruscair atá agat i do scoil agus cé chomh lán agus atá siad. Is féidir leat sin a dhéanamh díreach sula bhfolmhaítear iad, nó fiú i rith na seachtaine chun a fháil amach cé chomh tapa agus líontar iad, nó an mbíonn laethanta ar leith don am is measa do Chontúirt na Dramhaíola Plaistigh.

Trí imscrúdú a dhéanamh ar an bhfianaise gheobhaidh tú tuiscint ar cé chomh mór agus atá an fhadhb atá á cruthú ag an 'gContúirt'. Nuair a bheidh a fhios seo agat, beidh tú in ann dul ar aghaidh go dtí an chéad sraith eile de na láithreacha coire, is iad sin do sheomraí ranga, oifigí, ceaintíní, agus limistéir eile fud fad na scoile a chuireann leis an bhfadhb seo.